# Scoil Chaoimhín

## Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

**<u>Polasaí Gaeilge Scoile</u>**

Is bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach í Scoil Chaoimhín agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna patrún na scoile.

**Aidhmeanna**

1. Forbairt iomlán an pháiste, idir fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhórálta, spioradálta, shóisialta agus mhothúchánach.
2. Bunoideachas trí mhéan na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí ó theaghlaigh gurb í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh iontu.
3. Bunoideachas trí mhéan na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí eile agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge.
4. An leanbh a ullmhú chun leas a bhaint as iarbhunoideachas.
5. Timpeallacht iomlán Ghaelach a chothú agus dúil sa Ghaeilge agus sa tsaíocht Ghaelach a chothú i measc na ndaltaí agus na dtuismitheoirí.

**Comhthéacs na Scoile**

Is scoil lán-Ghaeilge í Scoil Chaoimhín. Is í an Ghaeilge:

- teanga na scoile
- teanga chumarsáide phobal uile na scoile
- teanga chaidrimh na foirne
- teanga chaidrimh idir mhúinteoirí agus pháistí
- teanga chaidrimh idir na páistí féin

Is tré Ghaeilge a mhúintear gach ábhar seachas Béarla.

Labhartar Ghaeilge i gclós na scoile, ag imeachtaí scoile, agus i dtimpeallacht na scoile.

Is cuid den Chód Iompair í labhairt na Gaeilge sa scoil. Is í an Ghaeilge an bhunchloch ar ar bunaíodh an scoil. Iarrtar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an oiread Gaeilge agus is féidir leo a labhairt lena gclann agus iad a spreagadh chun í a úsáid - sa scoil, ag gach imeacht scoile, ag teacht ar scoil dóibh, ar a mbealach abhaile.

**An Bord Bainistíochta**

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide an Bhoird. Féachann an Bord chuige go gcloítear leis an bpolasaí Gaeilge. Cinntíonn an Bord freisin go dtugtar deis do gach ball é/í féin a chur in iúl agus pairt ghníomheach a ghlacadh in imeachtaí an Bhoird.

**An Curaclam**

Déanann an scoil gach iarracht forbairt iomlán an linbh a chothú i dtimpeallacht thaitneamhach Ghaelach. Leantar de ghnáthchúrsa na mbunscoileanna agus Curaclam na Bunscoile (ROS) ach cuirtear béim faoi leith ar cheol Gaelach, rince Gaelach agus ar na cluichí Gaelacha, rud a thagann le sainsprid na scoile – Spreag an Ghaeilge le Spraoi, Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

**An Tumoideachas**

Is é an tumoideachas a chleachtaítear i Scoil Chaoimhín. Is i nGaeilge amháin a mhúintear na Naíonáin Bheaga agus na Naíonáin Mhóra. Cloiseann na páistí Gaeilge timpeall orthu agus de réir a chéile tagann siad ar thuiscint na teanga. Tá tumadh iomlán sa Ghaeilge ag teastáil chun caighdeán sásúil Gaeilge a chinntiú do na páistí ionas go mbeidh siad in ann an dul chun cinn is dual dóibh a dhéanamh agus iad ar scoil. Tosaitear ar mhúineadh an Bhéarla i Rang a hAon. Is i nGaeilge a mhúintear gach ábhar seachas Béarla.

Tuigeann na páistí gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus gurb í an Ghaeilge an teanga a labhrann an múinteoir i gcónaí.

**Labhairt na Gaeilge a spreagadh**

Tá seifteanna éagsúla ag na múinteoirí chun na páistí a spreagadh le Gaeilge a labhairt eatarthu féin go háirithe le linn am súgartha.